Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2026
(OR. en)

7444/26

LIMITE

CORLX 288
CFSP/PESC 410
COAFR 73
COARM 36
CONUN 41
FIN 429

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

PUBLIC

(1) An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2135[1].

(2) An 24 Feabhra 2026, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1591 (2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (‘Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe’), ceathrar le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) An 5 Márta 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/529[2], lena gcuirtear an ceathrar a liostaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 24 Feabhra 2026 le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES ón gComhairle[3].

(4) Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis an gceathrar a liostaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 24 Feabhra 2024 a scriosadh de liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/2135 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d’aistriú polaitiúil na Súdáine (IO L, 2023/2135, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2135/oj).

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/529 ón gComhairle an 5 Márta 2026 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/450/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin (IO L, 2026/529, 5.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/529/oj).

[3] Cinneadh 2014/450/CBES ón gComhairle an 10 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/423/CBES (IO L 203, 11.7.2014, lch. 106, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/450/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135, faoin gceannteideal 'A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus in Airteagal 2(1)', scriostar na ceithre iontráil seo a leanas:

13. Abdelrahim Hamdan DAGALO;

15. Elfateh Abdullah Idris ADAM;

17. Tijani Ibrahim Moussa MOHAMED;

18. Gedo HAMDAN.

PUBLIC